# FÓGRA SUÍMH

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)**
**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) - Cuid 8**

**Iarratasóir:** Rannóg na Seirbhísí Tithíochta agus Pobail, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**Suíomh**: Páirc an Charad, Belcamp, Baile Átha Cliath 17.

**Togra**: De bhun na gceanglas thuasluaite, tugtar fógra leo seo a leanas; scartáil an iar-Ionaid Pobail, scartáil iar-Ionad Oiliúna FÁS agus tógáil 9 dteach ar thrí shuíomh (A, B & C) i bPáirc an Charad, Belcamp, Baile Átha Cliath 17. Beidh na nithe seo a leanas i gceist:

- Scartáil bheartaithe an iar-Ionaid Pobail (lonnaithe idir uimh.1 & uimh.22 Páirc an Charad). Ar an suíomh a bheidh ann mar thoradh air (Suíomh A), tá 6 theach dhá stór agus trí sheomra leapa beartaithe le tógáil. Áirítear leis sin spás páirceála chun tosaigh, spás do charbhán turasóireachta chun tosaigh agus áis phríobháideach ar chúl gach tí a sholáthar.
- Sa suíomh cúinne ar an taobh thuaidh d'uimh. 23 Páirc an Charad (Suíomh B), tá teach dhá stór agus trí sheomra leapa beartaithe le tógáil. Áirítear leis sin spás páirceála taobh leis an teach, spás do charbhán turasóireachta taobh leis agus áis phríobháideach ar chúl an tí a sholáthar.
- Scartáil bheartaithe iar-Ionad Oiliúna FÁS (lonnaithe idir uimh. 25 & uimh. 26 Páirc an Charad). Ar an suíomh a bheidh ann mar thoradh air (Suíomh C), tá dhá bhungaló leathscoite, dhá sheomra leapa beartaithe le tógáil. Áirítear leis sin spás páirceála taobh leis an mbungaló agus áis phríobháideach ar chúl gach tí a sholáthar.
- Déanfar leasuithe ar na cosáin phoiblí le haghaidh rochtain feithicle, oibreacha seirbhísí suímh coimhdeacha, tírdhreachú crua agus bog agus tá leasuithe ar bhallaí teorann molta chomh maith.

Rinneadh Measúnacht Chuí ar an togra i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) agus scagadh le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE.

I gcomhréir le hAirteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, tá cinneadh déanta ag an Údarás Pleanála agus ba é a chonclúid:

(a) Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe, ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadail eile, ar aon láithreán/láithreáin Eorpach(a) agus mar sin níl gá le Measúnacht Chuí Céim 2.

(b) Níl fíordhóchúlacht ann go mbeidh tionchar suntasach ar an gcomhshaol ag eascairt as an bhforbairt bheartaithe agus ní d'aicme den chineál a leagtar amach faoi Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, í an fhorbairt bheartaithe, agus mar sin níl gá le Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT).

Is féidir le duine ar bith, laistigh de 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinneadh scagthástála maidir le cé acu ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol.

Féadfar Pleananna agus Sonraí na forbartha beartaithe a iniúchadh nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse **4 seachtaine ón 14/02/2025**, le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Cuntar Poiblí, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Bloc 4, an Bunurlár, Oifigí na Cathrach, Cé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Luan go hAoine 9.00am go 4.30pm. Tá na pleananna agus na sonraí ar fáil freisin lena n-iniúchadh ar líne: https://engage.dublincity.ie ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie

Féadfar aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt bheartaithe, ina bpléitear le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeadh an fhorbairt suite, a chur in iúl, i scríbhinn, chuig an mBainisteoir Feidhmiúcháin, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, Cé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30pm **28/03/2025.**

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí a chur in iúl ar líne https://engage.dublincity.ie ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie roimh 23.59 a chlog **28/03/2025.**